

DRÉACHT

Gníomh [...] de 2024

toirmeasc a chur ar fheoil a fhástar sa tsaotharlann a tháirgeadh agus a chur ar an margadh

Ag aithint di an tionchar doshéanta dearfach a bhíonn ag táirgeadh bia traidisiúnta ar an talmhaíocht agus ar dhálaí maireachtála tuaithe ina n-iomláine, agus na bagairtí ar ár mbunluachanna a bhaineann le teicneolaíochtaí agus modhanna táirgthe seachas táirgeadh bia traidisiúnta, agus chun na cearta bunúsacha ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus ar thimpeallacht shláintiúil a fhorfheidhmiú mar a leagtar síos sa Dlí Bunúsach, forordaíonn an Pharlaimint leis seo an méid seo a leanas:

§ 1

Chun críocha an Ghnímh seo, ciallaíonn feoil a fhástar sa tsaotharlann táirge a leithlisítear nó a tháirgtear ó chealla nó ó fhíocháin ainmhíocha faoi dhálaí saorga lasmuigh den orgánach beo.

§ 2

Cé is moite d'úsáid mhíochaine agus tréidliachta, beidh toirmeasc ar fheoil a fhástar sa tsaotharlann agus ar tháirgí ina bhfuil feoil a fhástar sa tsaotharlann mar chomhábhar a tháirgeadh agus a chur ar an margadh.

§ 3

I gcás ina sárófar forálacha § 2, féadfaidh comhlacht maoirseachta an bhiashlabhra na hiarmhairtí dlíthiúla faoi Chaibidil VI de Gníomh XLVI 2008 a chur i bhfeidhm maidir leis an mbiashlabhra agus maidir lena mhaoirseacht oifigiúil (dá ngairfear anseo feasta: Gníomh um Bia), i gcomhréir le forálacha an Gníomh um Bia agus an fhoraithe a eisíodh chun é a chur i bhfeidhm.

§ 4

Tiocfaidh an Gníomh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.

§ 5

Údaraítear don Rialtas comhlacht cigireachta an bhiashlabhra a ainmniú le foraithe.

§ 6

Bhí an dréachtghníomh seo faoi réir fógra a thabhairt roimh ré i gcomhréir le hAirteagail 5-7 de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Socháí Faisnéise.